Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh ag OAA in 2017

Maidir le húsáid fuinnimh san Oifig in Oifig Shráid Mhuirfean, baineann an chuid is mó den ídiú fuinnimh le téamh spáis, aerchóiriú agus uisce te. Baineann an chuid is mó den ídiú fuinnimh eile san oifig le soilsiú, trealamh oifige agus trealamh lónadóireachta. In 2017, d'ídigh OAA:

•373 MWh leictreachais;

• 369 MWh ollmhéid de bhreoslaí gáis nádúrtha;

• 7.6 tona de mhillíní adhmaid de bhreoslaí inathnuaite (sliseanna adhmaid).

Gníomhartha ar Tugadh Fúthu in 2017

- In 2017 lean OAA lena clár leanúnach maidir le feasacht a ardú i measc na foirne d'fhonn laghduithe a chur chun feidhme in ídiú fuinnimh nuair is féidir.
- Thuairiscigh OAA sonraí tríd an gcóras Monatóireachta agus Tuairiscithe ar líne SEAI. Cuireadh na sonraí riachtanacha isteach faoi na spriocdhátaí.

Gníomhartha atá Beartaithe do 2018

- Chun leanúint le clár ardaithe feasachta don fhoireann maidir le hídiú fuinnimh agus réimsí inar féidir éifeachtúlachtaí a réadú.
- Tionscnaimh a scrúdú agus nuair is féidir iad a chur chun feidhme a mbeidh laghduithe breise ar ídiú Fuinnimh ina dtoradh orthu.

Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh ag OPAS in 2017

Ídíonn OPAS fuinneamh ag dá fhoirgneamh oifigí ag Teach Osmond, Sráid na gCaorach Bheag agus ag 3 Lána na Seansaireachta.

In 2017, d'ídigh OPAS 1095.47 MWh de fhuinneamh lena gcuimsíodh:

596.27 MWh leictreachais;
499.20 MWh de bhreosla iontaise (Gás)

Gníomhartha ar Tugadh Fúthu in 2017

- In 2017 lean OPAS lena clár leanúnach maidir le feasacht a ardú i measc na foirne d'fhonn laghduithe a chur chun feidhme in ídiú fuinnimh nuair is féidir.
- Thuairiscigh OPAS sonraí tríd an gcóras Monatóireachta agus Tuairiscithe ar líne SEAI. Cuireadh na sonraí riachtanacha isteach faoi na spriocdhátaí.
- Ghníomhaigh OPAS ar bhonn leanúnach leis an gClár Meantóireachta um an tSeirbhís Phoiblí.
- Cuireadh tús leis an tionscadal chun soilsiú a uasghrádú i dTeach Osmond go lampaí LED.

Gníomhartha atá Beartaithe do 2018

- Chun leanúint le clár ardaithe feasachta don fhoireann maidir le hídiú fuinnimh agus réimsí inar féidir éifeachtúlachtaí a réadú.
- Chun an tionscadal chun soilsiú a uasghrádú i dTeach Osmond go lampaí LED a chur i gcrích.
- Tionscnaimh a scrúdú agus nuair is féidir iad a chur chun feidhme a mbeidh laghduithe breise ar ídiú Fuinnimh ina dtoradh orthu.